

# Treoirlínte d'Idirghabhálaithe Ceadaithe (idirghabhálaithe IC) agus do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (cleachtóirí CDP) maidir le socruithe mar atá leagtha síos san Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 agus san Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2015 (arna leasú)

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

## Réamhrá

Leis an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, a síníodh ina dhlí ar an 26 Nollaig 2012, tugadh isteach athchóirithe bunúsacha ar dhlíthe dócmhainneachta agus féimheachta na hÉireann. Ba leis an Acht seo a tugadh coincheapa áirithe chun an dlí in Éirinn, is é sin trí phróiseas réitigh fiachais lena n-áirítear Fógraí um Fhaoiseamh Fiachais (FFF), Socruithe Fiachais (SF) agus Socraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta (SDP). Ullmhaíodh an nóta teorach seo chun próiseas cuíchóirithe agus éifeachtúil a chinntiú idir na Coimisinéirí Ioncam agus cleachtóirí dócmhainneachta atá ag feidhmiú sa timpeallacht seo.

## Cúlra

Tá nósanna imeachta láidre ag na Coimisinéirí Ioncam cheana féin chun déileáil le cáiníocóirí nach gcomhlíonann nó nach bhféadann a n-oibleagáidí cánach a chomhlíonadh. Áirítear leis na nósanna imeachta seo Cásoibrithe ainmnithe a cheapadh do chásanna aonair ina bhfuil fiachais chánach agus idirghabhálacha formhéadúcháin a chur i bhfeidhm nuair is cuí chun comhlíontacht a chinntiú, lena n-áirítear Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí, ús a ghearradh, agus fiachas a aisghabháil trí fhorfheidhmiú nuair is gá. Braitheann feidhmiú na straitéisí éagsúla ar an leibhéal rannpháirtíochta a bhíonn ann agus ar leibhéal an fhiachais cánach atá i mbaol. Tá mionathrú déanta do na nósanna imeachta seo chun Iarratais Dócmhainneacht Pearsanta a chur san áireamh, agus aird ar leith ar chumarsáid éifeachtach a chinntiú idir Cásoibrithe na gCoimisinéirí Ioncam agus cleachtóirí.

Lean na naisc le haghaidh tuilleadh teoracha ar **Bhainistiú Fiachais** agus **Forfheidhmiúchán**

## Nósanna Imeachta

Chun rannpháirtíocht shoiléir agus éifeachtach a chinntiú idir na Coimisinéirí Ioncam agus na príomh-gheallsealbhóirí atá ag feidhmiú sa timpeallacht dócmhainneachta pearsanta, lena n-áirítear Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann (ISI), Idirghabhálaithe Ceadaithe (IC) do FFF, agus Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (CDP) do SF/SDP, is é an tAonad Dócmhainneachta Pearsanta i Rannóg an Ard-Bhailitheora a bheidh mar an gcéad phointe teagmhála do gach fiosrú. Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an aonad sin trí **M'Fhiosruithe**, ar [personalinsolvency@revenue.ie](mailto:personalinsolvency@revenue.ie) nó ar an bhfón ar 061 488 579.

Chun críocha cosanta sonraí agus slándála, ní mór gach ríomhphost a chuirtear chuig na Coimisinéirí Ioncam a chur trí "**M'Fhiosruithe**" ar [Revenue.ie](http://Revenue.ie) mar gheall gur áis shlán é seo chun teachtaireachtaí a sheoladh.

Sa chás go ndéanann Idirghabhálaí Ceadaithe nó Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta teagmháil leis an Aonad Dócmhainneachta i ndáil le cáiníocóirí sonracha, pléifidh an Cásoibrí na ceisteanna cuí leis an gcleachtóir. Déanfaidh an tAonad Dócmhainneachta Pearsanta monatóireacht freisin ar an dul chun cinn i ngach cás ó thaobh na gCoimisinéirí Ioncam de chun a chinntiú go gcloítear le spriocdhátaí reachtúla. Is é an tAonad Dócmhainneachta Pearsanta, in éineacht lena lucht bainistíochta nuair is gá, a dhéanfaidh cinntí maidir le rogha an ghlactha nó rogha an diúltaithe a fheidhmiú maidir le haon socraithe beartaithe.

Molann na Coimisinéirí Ioncam d'Idirghabhálaithe Ainmnithe agus do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta a bheith i dteagmháil chomh luath agus is féidir le linn na céime ullmhúcháin de thíolacthaí Dócmhainneachta Pearsanta, i gcúinsí ina bhfuil aon amhras ann faoin leibhéal eolais atá ag teastáil. Beidh cumarsáid den chineál sin ina cabhair ó thaobh an riachtanas a shoiléiriú agus ó thaobh na féidearthachta a mhéadú go roghnóidh na Coimisinéirí Ioncam dul i mbun socrú ar bith.

Iniata leis na **hAguisíní** tá imlíne ar an eolas a éileoidh Cásoibrithe na gCoimisinéirí Ioncam, chun bheith in ann cinneadh a dhéanamh ar cheart "rogha an ghlactha" nó "rogha an diúltaithe" a fheidhmiú i leith FFF, SF, nó SDP. Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire, i gcúinsí ina loiceann

an cleachtóir an leibhéal riachtanach eolais a chur ar fáil, nach mbeidh aon rogha ag an gCásoibrí ach “rogha an diúltaithe” a fheidhmiú. Féadfaidh an t-eolas seo a bheith sa bhreis ar na doiciméid a bhfuil dualgais ar an CDP a chur ar fáil sholáthar faoi Alt 71 nó Alt 107 den Acht.

Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim acu féin an ceart eolas cuí breise a iarraidh i ndáil le haon socrú beartaithe nuair a mheastar é a bheith cuí sula ndéanfaidh siad cinneadh glacadh le moladh nó é a dhiúltú.

Tá 21 lá ag na Coimisinéirí Ioncaim freagra a thabhairt, agus mura tugann freagra, measfar go bhfuil rogha an ghlactha tógtha. Is éard is brí le ‘rogha an ghlactha’, i gcás FFF, ná toiliú le FFF a eisiúint i ndáil leis an gcáin in aon socrú beartaithe. Maidir le fógraí FFF, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim an tréimhse chosanta chéanna 70 lá i bhfeidhm ar an gcineál socraithe seo, mar a fhoráiltear dó Acht i ndáil le socraíochtaí SF agus socraíochtaí SDP. Mar thoradh ar seo, ní thionscnóidh an Cásoibrí aon ghníomh forfheidhmithe ar feadh 70 lá ón dáta a fhaightear fógra faoi rún féichiúnaí go bhfuil FFF á iarraidh.

## Íocaíocht Díbhinne

Ní mór don socrú a bheith ar aon dul leis na nósanna imeachta reatha.

Ba chóir gach íocaíocht a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid.

Seo a leanas na sonraí le haghaidh íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid / Gíoró a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim.

**Ainm an chuntais:** Office of the Revenue Commissioners – UTD EFT – Public Bank Account.

**Banc:** Danske Bank, Teach Idirnáisiúnta, 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1.

**BIC:** DABAIE2D

**IBAN:** IE37DABA95159920003514

**NÓTA:** Ní mór d’ainm, uimhir chlárúcháin agus cineál na cánach a chur san áireamh le d’íocaíocht chun leithdháileadh ceart agus pras a chinntiú.

Nuair a dhéantar íocaíocht, agus le cinntiú go dtugtar cuntas ceart i leith na híocaíochta, iarrtar ort na sonraí seo a leanas a sheoladh trí “**M’Fhiosruithe**” ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie), chuig: [moneytrans@revenue.ie](mailto:moneytrans@revenue.ie)

## Sonraí atá ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim:

- IBAN agus BIC ar seoladh an íocaíocht chuige (ón liosta thuas)
- An dáta a rinneadh an íocaíocht
- UPSP do chliaint agus an tréimhse chánach lena mbaineann an íocaíocht
- An tsuim Euro a aistríodh

## **Cánacha Reatha**

Maidir le cánacha reatha a íoc, leasaítear le hAlt 100(3) den Acht Airgeadais 2013, Alt 65(2) (e) agus Alt 99(2)(f) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 chun foráil a dhéanamh go ndéanfaí foráil sa socrú SF nó SDP chun na dliteanais chánach reatha uile tabhaithe ag an bhféichiúnaí a íoc de réir mar a thagann siad de bheith dlite le linn an tsocraithe. Mar sin, ní fhéadann na Coimisinéirí loncaim féachaint ar shocraíochtaí beartaithe a bhfuil an riachtanas éigeantach seo iontu.

## **Iníúchtaí / Idirghabhálacha de chuid na gCoimisinéirí loncam**

Sa chás go bhfuil iniúchtaí, agallaimh phróifíle nó fiosruithe gné ar siúl nó beartaithe le tosú i gcás atá ag déanamh iarratais ar Dhócmhainneacht Phearsanta, ba chóir don Idirghabhálaí Ceadaithe nó don Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Dócmhainneachta, agus déanfaidh an tAonad teagmháil leis an iniúchóir chun cúinsí airgeadais an duine atá i gceist a phlé. Is é an phríomhcheist i gcás iniúchta oscailte ná ar chóir do na Coimisinéirí loncaim 'rogha an ghlactha' nó 'rogha an diúltaithe' a fheidhmiú i leith an tsocraithe fhoirmeálta. Sa chás go bhfuil an t-iniúchóir den tuairim gur chóir leanúint ar aghaidh leis an iniúchadh mar gheall go mbraitheann sé nó sí go bhfuil ceisteanna suntasacha ann ar fiú imscrúdú a dhéanamh orthu, amhail fianaise ar shócmhainní nó brabúis fholaithe, ansin ní bheidh aon rogha ag na Coimisinéirí loncaim ach 'rogha an diúltaithe' a fheidhmiú i leith aon socraithe go dtí go bhfuil an t-iniúchadh críochnaithe.

## **Achomhairc Chánach**

I gcúinsí ina bhfuil Achomharc amuigh liostaithe le haghaidh éisteachta ag an duine atá ag déanamh iarratais ar Dhócmhainneacht Phearsanta, ní bheidh aon rogha ag na Coimisinéirí loncaim ach 'rogha an diúltaithe' a fheidhmiú go dtí go gcríochnaítear an t-achomharc nó go dtarraingítear siar é mar gheall nach bhféadtar an fiach a mheas go hiomlán.

## **Achomhairc faoi Alt 115A**

Sa chás go ndéantar iarratas faoi Alt 115A den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 – 2015 agus go ndéanann an Chúirt cinneadh, ba chóir don chleachtóir an toradh a chur in iúl do na Coimisinéirí loncaim chomh luath agus is féidir.

## **Dearbhú Cáilíochta**

Tá na rialacháin a d'fhoilsigh an ISI maidir le hidirghabhálaithe IC agus cleachtóirí CDP tugtha faoi deara ag na Coimisinéirí loncaim agus tá comhaontú déantar idir iad agus an ISI go ndéanfaidh siad tuairisciú ar chúinsí ar bith de thíolacthaí neamhleora nó neamhiomlána.

## AGUISÍN 1

Sonraí atá ag teastáil ó na Coimisinéirí Ioncaim ó IC / CDP i dtíolachtaí 'rogha an ghlactha' nó 'rogha an diúltaithe' a fheidhmiú i leith tíolachtaí FFF, SF, SDP

Sonraí an cháiniócóra lena n-áirítear ainm, seoladh, UPSP

Deimhniú ó cháiniócoir go bhféadann Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta / Idirghabhálaí Ceadaithe gníomhú ar a shon / son

Gach tuairisceán cánach cothrom le dáta

I gcás FFF	An t-eolas atá leagtha amach sa Ráiteas Airgeadais Forordaithe
------------	--

I gcás SF/SDP	An t-eolas atá leagtha amach sa Ráiteas Airgeadais Forordaithe
---------------	--

	Gar-chostas an CDP
--	--------------------

## AGUISÍN 2

Sonraí a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim ó chleachtóirí CDP i dtíolacthaí socruithe beartaithe SF nó SDP	
<b>Socraíochtaí SF / SDP le fiachais &gt; €20,000 leis na Coimisinéirí Ioncam</b>	Sonraí agus Sceideal Sócmhainní tacaíochta (lena n-áirítear aon mhuirir) agus Dliteanais (táillí CDP san áireamh)
	Sonraí faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar fhiachas roimh an suíomh reatha
	Sonraí agus doiciméid tacaíochta faoi aon mheastacháin amach anseo atá san áireamh sa tíolacadh
	Sonraí faoi aon bhronntanais / ioncam eile atá san áireamh sa socrú
	Sonraí i leith aon fhiachais nach n-áirítear sa socrú agus a leanfar á íoc taobh amuigh den SF / SDP
<b>Socraíochtaí SF/SDP le fiachais &gt; €20,000 leis na Coimisinéirí Ioncam</b>	Sonraí agus Sceideal Sócmhainní tacaíochta (lena n-áirítear aon mhuirir) agus Dliteanais (táillí CDP san áireamh)
	Sonraí faoi na bearta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar fhiachas roimh an suíomh reatha
	Sonraí agus doiciméid tacaíochta faoi aon mheastacháin amach anseo atá san áireamh sa tíolacadh
	Sonraí faoi aon bhronntanais / ioncam eile atá san áireamh sa socrú

## **AGUISÍN 3**

### **Ba chóir go mbeadh an t-eolas seo a leanas soiléir ón iarratas:**

- An ranníocaíocht mheasta a bheidh an cáiníocóir ag déanamh leis na creidiúnaithe sa socrú.
- An ranníocaíocht mheasta a bheidh an cáiníocóir ag déanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim sa socrú.
- Tréimhse an tsocraithe.
- Costais Mhaireachtála Réasúnta réamh-mheasta an iarratasóra le linn thréimhse an tsocraithe.
- An sciar de na Costais Mhaireachtála Réasúnta sin a bheidh an t-iarratasóir ag iarraidh a éileamh.
- Na costais dhóchúla a thabhoíd an t-iarratasóir trí fhanacht ina lóistín reatha.
- Sonraí faoin gcaoi a ndéileálfar leis an bhfiachas urraithe sa socrú
- Briseadh síos ar an liúntas dara charr / cúinsí speisialta srl

### **Eolas a iarrann na Coimisinéirí Ioncaim go ginearálta chun teacht ar chinneadh:**

- Sonraí gach cuntais bainc, taobh istigh agus taobh amuigh den dlínse, agus na ráitis sna 6 mhí roimhe
- Ráiteas morgáiste cothrom le dáta i leith gach maoin
- Sonraí faoi aon scéimeanna pinsin / polasaithe dearlaice / duaisbhannaí / polasaithe árachais srl.
- Cén chaoi a mbeartaíonn an t-iarratasóir aghaidh a thabhairt ar riaráistí CMÁ a thagann chun cinn sula dtosaíonn an socrú. Tabhair do d'aire gur muirear ar an maoin iad riaráistí CMÁ agus ní fhéadtar iad a dhíscríobh in aon socrú Dócmhainneachta Pearsanta. Ba chóir aghaidh a thabhairt ar riaráistí den chineál seo sa mholadh. Déan teagmháil le LPT\_Register\_Team@revenue.ie chun roghanna íocaíochta a phlé.